23 25
TERM OF OFFICE

**Oliver Röpke**
Uachtarán CESE

# STAND UP FOR DEMOCRACY

# SPEAK UP FOR EUROPE

FORÓGRA 2023/2025

Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

# Contents


**AN FÓD A SHEASAMH AR SON AN DAONLATHAIS *Sa bhaile*** 4
Na saoránaigh a thabhairt níos gaire don daonlathas 4
Rath na dtoghchán Eorpach a chinntiú 5
Na luachanna bunúsacha agus an smacht reachta a chur chun cinn 5
**AN FÓD A SHEASAMH AR SON AN DAONLATHAIS *Thar lear*** 6
Tairseach na sochaí sibhialta isteach sa daonlathas agus sa rathúnas 6
Ag tacú le taidhleoireacht bhog an Aontais ar mhaithe le sochaithe sibhialta láidre athléimneacha 6
**AG LABHAIRT AMACH AR SON NA hEORPA *Glór níos ionadaíche*** 7
Fóram don chéad ghlúin eile 7
Fóram níos cothroime 8
**AG LABHAIRT AMACH AR SON NA hEORPA *Glór láidir fóinteach*** 9
Institiúid atá le cloisteáil ón taobh amuigh 9
Institiúid fhianaisebhunaithe agus réamhbhreathnaitheach 10
**OLIVER RÖPKE, UACHTARÁN CESE**
***Clár oibre sóisialta an Aontais Eorpaigh a thiomáint chun cinn agus an t iomaíochas inbhuanaithe a chosaint don 21ú haois*** 11
Clár oibre sóisialta an Aontais a thiomáint chun cinn 11
An t iomaíochas inbhuanaithe a chosaint san 21ú haois 12
**TOSAÍOCHTAÍ BEARTAIS ROGHNAITHE BUNAITHE AR IONCHUR ÓN RÚNAÍOCHT** 13
Dlús a chur le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) 13
Rannpháirtíocht na hóige i gcúrsaí aeráide agus inbhuanaitheachta 14
An Geilleagar Ciorclach 14
Aistriú glas na tionsclaíochta Eorpaí 14
Iarracht chuimsitheach tionsclaíocht na hEorpa a dhigiteáil 15
Feabhas a chur ar iomaíochas domhanda agus uathriail straitéiseach oscailte thionsclaíocht an Aontais 15
Athchóiriú ar mhaithe le geilleagar athléimneach san Aontas 15
Aontas na Margaí Caipitil agus an tAontas Baincéireachta a bhaint amach 16
Creat Airgeadais Ilbhliantúil a bheidh in ann ag dúshláin na todhchaí, beartas comhtháthaithe láidir san áireamh 16
Téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta ó dhrochthionchar na paindéime agus chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus as an méadú a tháinig ar phraghsanna fuinnimh agus ar an gcostas maireachtála de dheasca an méid sin 17
Na cearta bunúsacha agus an smacht reachta 17
An imirce 17
Comharsanacht shlán shocair 17
Ag obair as lámha a chéile leis na comhpháirtithe ar son na sochaí cóir ina dtugtar aird ar chearta an duine 18
An trádáil inbhuanaithe a théann chun tairbhe do chách a chur chun cinn 19
Staidéir agus Measúnuithe Beartais: mar is féidir obair níos fianaise-bhunaithe a dhéanamh d'obair chomhairleach CESE 19
Iomaíochas thionscail na hEorpa a fheabhsú agus aistriú tapa chuig an aeráidneodracht a éascú 20
Ag tacú leis an bhfiontraíocht de gach aon sórt: FBManna agus fiontair shóisialta 20
Na tomhaltóirí a chumasú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh 21
An taobh thall den ghéarchéim fuinnimh: slándáil fuinnimh inbhuanaithe chóir straitéiseach a bhaint amach 21
Ról na mbeartas tithíochta sa chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta, agus críochach 22
An córas iompair a ghlasú: aghaidh a thabhairt ar riachtanais na n úsáideoirí, na saoránach, agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta 22



An tsaoirse, an daonlathas, cearta an duine agus an smacht reachta; is cuid de na luachanna bunúsacha ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe iad sin. Tá siad cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus tá siad go dlúth agus d'inneach san fhéiniúlacht aige.

Le blianta beaga anuas, áfach, fágadh na luachanna sin faoi bhrú as cuimse. Bhí ar an Eoraip aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, géarchéimeanna a chuir leis na héagothromaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha atá ann agus a chaith amhras ar mhuinín shaoránaigh na hEorpa as institiúidí daonlathacha. Ní féidir caitheamh lenár luachanna Eorpacha ar nós cuma liom.

An tráth dúshlánach seo, tá sé ríthábhachtach go dtacódh an tsochaí shibhialta le tuairimí shaoránaigh na hEorpa a thabhairt le chéile chun athléimneacht dhaonlathach a chothú agus todhchaí na hEorpa a mhúnlú. Ag an am céanna, tá cosaint níos fearr de dhíth ar an tsochaí shibhialta féin. Tá laghdú diaidh ar ndiaidh ag teacht ar an spás mar a mbíonn an tsochaí shibhialta ag feidhmiú agus, mar sin, tá teorainn á cur le cumas eagraíochtaí na sochaí sibhialta obair dhlisteanach a dhéanamh san Aontas féin agus níos faide i gcéin.

An chéad téarma oifige eile, anseo i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE), neartóimid an ról uathúil atá againn mar thairseach idir na saoránaigh, an tsochaí shibhialta agus institiúidí an Aontais, agus CESE ina fhíorardán le haghaidh díospóireacht ionraic agus chuimsitheach.

Cinnteoimid go mbeidh doirse an tí againn ar oscailt i gcomhair idirphlé daonlathach atá fianaisebhunaithe agus fóinteach, idirphlé a mbeidh réimse leathan gníomhaithe sóisialta, eacnamaíocha, polaitiúla, cultúrtha agus institiúideacha rannpháirteach ann. Agus cinntí á ndéanamh againn, féachfaimid le teacht ar chomhréitigh eolasacha lena neartófar seasamh ár gCoiste agus a bheidh fóinteach i dtaobh bheartais an Aontais.

Ar an gcaoi sin, déanfaimid – sinn féin agus ár gcomhpháirtithe ó institiúidí na hEorpa agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta – ár gcion tábhachtach féin i dtreo Aontas Eorpach a bheidh níos athléimní, níos cuimsithí agus níos daonlathaí, ceann a bheidh ina inspioráid dár gcomharsana i gcéin is i gcóngar.

Agus an Coiste ag díriú ar na tosaíochtaí nua sin, ní ligfidh sé na maidí le sruth **agus obair á déanamh aige chun an dul chun cinn sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil a áirithiú do shaoránaigh uile na hEorpa**, trí bheith ag cur go comhsheasmhach le clár oibre an Choimisiúin Eorpaigh agus trí bheith ag comhoibriú go héifeachtach le Parlaimint na hEorpa agus le Comhairle an Aontais Eorpaigh.

*I mo cháil mar **Uachtarán nuathofa ar CESE**, is mian liom díriú ar na colúin seo a leanas:*

- ***go seasfar an fód ar son an daonlathais sa bhaile** trí na luachanna bunúsacha agus an smacht reachta a chur chun cinn, trí na saoránaigh a thabhairt níos gaire dár gCoiste trí thacú leis an daonlathas ionadaíoch agus an daonlathas díreach, agus freisin trína áirithiú go rannchuideoidh CESE le rath na dtoghchán Eorpach in 2024;*
- ***go seasfar an fód ar son an daonlathais thar lear** trí fhíorthairseach sochaí sibhialta isteach sa daonlathas agus sa rathúnas a chur ar bun dár gcomharsana agus dár gcomhpháirtithe, agus trí thacú le sochaithe sibhialta láidre athléimneacha an Aontais;*
- ***go labhrófar amach ar son na hEorpa trína áirithiú go mbeidh ár gCoiste níos ionadaíche**, trí ról a thabhairt inár gcuid oibre do ghlúnta nua agus do na grúpaí atá faoi ghannionadaíocht inár tsochaí;*
- ***go labhrófar amach ar son na hEorpa** trí fheabhas a chur ar cháilíocht an fhreastail a dhéanaimid agus ar ár n obair réamhbhreathnaitheach, ag díriú go háirithe ar an bhfadbhreathnaitheacht agus ar na moltaí ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, ar mhaithe lena áirithiú go mbeidh glór láidir fóinteach ag CESE i gcúrsaí daonlathacha an Aontais go deo.*

# AN FÓD A SHEASAMH AR SON AN DAONLATHAIS *Sa bhaile*

## Na saoránaigh a thabhairt níos gaire don daonlathas

Ó cuireadh tús leis in 1957, tá an Coiste againn ina cholún den daonlathas rannpháirtíochta, agus ardán á chur ar fáil aige do na saoránaigh agus do gheallsealbhóirí le treise a chur lena nglór i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais. Rinneadh plé uileghabhálach ar an daonlathas rannpháirtíochta agus ar an daonlathas dioscúrsach le linn na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa agus chuir na saoránaigh in iúl gur mian leo tionchar struchtúrach a bheith acu ar chlár oibre bliantúil agus ar thosaíochtaí beartais an Aontais; d'fhéadfadh ról an tábhachtach ar fad a bheith ag CESE ina leith sin.

*I mo cháil mar **Uachtarán nuathofa ar CESE,** féachfaidh mé chuige:*

- *go gcuirfear ar bun **painéil rannpháirteacha saoránach faoi stiúir CESE roimh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa** in 2024. Cuirfidh na painéil sin le rún trasearnála na rannóg uile in CESE agus leagfaidh siad síos príomhéilimh CESE i dtaobh Pharlaimint nua na hEorpa agus an Choimisiúin nua Eorpaigh ('Forógra CESE le haghaidh na dtoghchán in 2024');*
- *go ndéanfar an bhunobair **le go mbainfear úsáid rialta as na painéil rannpháirteacha saoránach in obair laethúil CESE** tar éis na chéad toghchán eile do Pharlaimint na hEorpa in 2024;*
- ***go gcuirfear beocht nua i rannpháirtíocht ghníomhach CESE i dtionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh** mar ionstraim rathúil chun na saoránaigh a ghríosadh le bheith rannpháirteach i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais agus chun ardán daonlathach a thabhairt dóibh le tionchar a bheith acu ar reachtaíocht an Aontais.*

Tá an-tábhacht go deo le ról na sochaí sibhialta maidir le daonlathas dea fheidhmiúil a chosaint. Ní gné chomhlántach amháin den daonlathas ionadaíoch é an daonlathas rannpháirtíochta, ach gné bhunaitheach de.

Ní bhíonn an daonlathas rannpháirtíochta (Parlaimint na hEorpa agus na parlaimintí náisiúnta) ná an daonlathas díreach (an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh) ann gan an daonlathas rannpháirtíochta. I rith mo théarma oifige, cinnteoidh mé go neartófar seasamh an Choiste mar ardán atá uilechuimsitheach go smior agus atá dírithe ar an todhchaí.

## Rath na dtoghchán Eorpach a chinntiú

Leis an gcéad téarma oifige eile in CESE, réiteofar an bealach le haghaidh ceann de bhunchlocha dhaonlathas na hEorpa: na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Tarlóidh na toghcháin sin ag uair chinniúnach sa saol daonlathach agus beidh saincheisteanna móra Eorpacha go hard ar an gclár, mar shampla an Comhaontú Glas don Eoraip, an méadú atá ag teacht ar an antoisceachas agus ar an bpoblachas, an smacht reachta, todhchaí an rialachais eacnamaíoch i bhfianaise na n éagothromaíochtaí atá ag dul i méid agus na ndúshlán atá ag eascairt as éiginnteachtaí geopholaitiúla.

Mura mbeidh na coimircí cearta ann nó mura ndéanfaí na bearta cearta, d'fhéadfadh sé gur dheis iontach a bheadh sna toghcháin sin le mífhaisnéis agus bolscaireacht a scaipeadh nó le cibirionsaithe a dhéanamh le dul i bhfeidhm ar vótaí na saoránach agus le croitheadh a bhaint as ár bpróisis dhaonlathacha. Is iomaí dúshlán eagraíochtúil a bhaineann leis an mbréagaisnéis a chomhrac agus tá an chuid gníomhaithe mar chuid de sin, an tsochaí shibhialta san áireamh. De bhun chonclúidí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, ar lena linn a d'oibrigh na saoránaigh ar mholtaí, tá forais dhlisteanacha ag CESE ról gníomhach a ghlacadh mar phríomh chomhpháirtí sa tréimhse roimh na toghcháin.

### *I mo cháil mar **Uachtarán nuathofa ar CESE**, féachfaidh mé chuige:*

- *go n áiritheofar rannpháirtíocht dhophollta ár gCoiste, i dteannta leis an tsochaí shibhialta, i ngníomhaíochtaí agus i bhfeachtais idirinstitiúideacha **chun líon na vótálaithe a mhéadú roimh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa in 2024;***
- ***go dtacófar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta sa chomhrac atá á fhearadh acu chun an daonlathas a chosaint agus chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus leis an tionchar ceilte a bhíonn ag gníomhaithe eachtracha** trí thacú le pacáiste an Choimisiúin maidir le cosaint an daonlathais agus trí chéimeanna a thabhairt i dtreo a chur chun feidhme roimh na toghcháin Eorpacha;*
- ***go dtacófar leis an gCoimisiún Eorpach faireachán a dhéanamh ar ardáin an mhór ar líne** chun rioscaí sistéamacha do phróisis dhaonlathacha a mhaolú.*

## Na luachanna bunúsacha agus an smacht reachta a chur chun cinn

Tá ionadaithe na sochaí sibhialta ar an leibhéal náisiúnta ag iarraidh go ndéanfar gníomhaíochtaí láidre ar leibhéal an Aontais maidir leis na luachanna bunúsacha agus an smacht reachta. Teastaíonn uathu go dtacóidh an tAontas le ról na sochaí sibhialta mar fhoras faire ar son an daonlathais agus go spreagfaidh sé na húdaráis le dul i mbun gnímh chun a gcaighdeáin a ardú le haghaidh creataí ardcháilíochta i ndáil leis an spás sibhialta, maoiniú, an ceart chun tuairimí a nochtadh, saoirse na meán, dlíthíocht mhí úsáideach i gcoinne iriseoirí agus cosantóirí cearta, agus neamh idirdhealú.

I rith an chéad téarma oifige eile, déanfaidh mé an daonlathas, na cearta bunúsacha agus an smacht reachta a chur chun cinn go comhsheasmhach mar threoirphrionsabail le haghaidh gach gníomhaíochta. Baineann sé sin le hobair ár gCoiste, leis an teagmháil a dhéanaimid leis na hinstitiúidí Eorpacha agus leis an tsochaí shibhialta, lenár gcaidreamh idirnáisiúnta, agus freisin lenár dtionscnaimh, imeachtaí, agus foilseacháin pholaitiúla go léir. A fhad agus a théann spás na sochaí sibhialta i laghad, beidh an daonlathas ag dul i laghad leis. Ní féidir linn glacadh leis sin.

### *I mo cháil mar **Uachtarán nuathofa ar CESE**, féachfaidh mé chuige:*

- ***go dtacófar le sainordú athnuaite láidir do Ghrúpa CESE um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta** ar mhaithe le feasacht a mhúscailt i measc an phobail maidir leis an obair ríthábhachtach atá déanta ag an nGrúpa agus d'fhonn ról na sochaí sibhialta mar fhoras faire a neartú;*
- *go gcuirfear **tástáil CESE ar shláinte na sochaí sibhialta** chun cinn ar mhaithe le súil a choinneáil ar fhorbairtí a dhéanann difear don tsochaí shibhialta i mBallstáit an Aontais agus sna tíortha is iarrthóirí.*

# AN FÓD A SHEASAMH AR SON AN DAONLATHAIS *Thar lear*

## Tairseach na sochaí sibhialta isteach sa daonlathas agus sa rathúnas

Tá todhchaí an Aontais Eorpaigh fite fuaite go mór i gcobhsaíocht agus i rathúnas ár gcomharsan i gComhpháirtíocht an Oirthir agus sna Balcáin Thiar. Leanfaimid orainn ag cur an tsíocháin, an chobhsaíocht, agus an comhtháthú chun cinn sna réigiúin sin.

I bhfianaise an bhrú gan stad atá á chur ag an Rúis ar an Úcráin, ar an Moldóiv, ar an tSeoirsia agus ar thíortha eile, neartóidh mé ár gcomhpháirtíochtaí agus cothóidh mé na naisc idir ár sochaithe sibhialta, arb iad croílár an daonlathais iad.

*I mo cháil mar* ***Uachtarán nuathofa ar CESE****, féachfaidh mé chuige:*

- ***go ndéanfaidh mé, mé féin, teagmháil ardleibhéil a chothú le tíortha is iarrthóirí****, amhail comhpháirtithe na mBalcán Thiar, an Úcráin, agus an Mholdóiv, mar chuid de phróiseas an mhéadaithe agus go gcuirfidh mé obair ár nArdán Sochaí Sibhialta coiteanna chun cinn;*
- *den chéad uair riamh,* ***go dtabharfar ról d'ionadaithe na sochaí sibhialta ó thíortha aontachais an Aontais in obair chomhairleach laethúil*** *an Choiste trí* ***Chomhaltaí Oinigh*** *Méadaithe a cheapadh, go háirithe i bpróiseas dréachtaithe príomhthuairimí.*

Agus é ina fhíorthairseach sochaí sibhialta do na tíortha sin, tacóidh CESE leis na tíortha sin agus cuirfidh sé ar a gcumas troid ar son na saoirse, an daonlathais, agus lánpháirtiú níos dlúithe. Cuirfimid an tacaíocht a theastaíonn ó na tíortha sin ar fáil dóibh mar chuid de phróiseas an mhéadaithe ar mhaithe lena chinntiú go ndéanfaidh siad a gcórais shocheacnamaíocha agus dhaonlathacha a fheabhsú le go mbeidís ar comhchéim le caighdeáin an Aontais bunaithe ar an margadh aonair, ar an gComhaontú Glas agus ar cholún Eorpach na gceart sóisialta.

## Ag tacú le taidhleoireacht bhog an Aontais ar mhaithe le sochaithe sibhialta láidre athléimneacha

Tá cath domhanda luachanna á fhearadh ar fud an domhain faoi láthair agus tá a leagan féin den scéal ag gach aon tír agus gach aon réigiún, agus iad go léir san iomaíocht le chéile leis an lámh in uachtar a fháil. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfadh an tAontas na luachanna atá cumhdaithe i gConarthaí an Aontais a chur chun cinn agus a chosaint, anseo san Aontas féin agus thar lear chomh maith. Cuirfidh CESE chun oibre a líonra teagmhálaithe ón tsochaí shibhialta chun taidhleoireacht luachbhunaithe an Choiste a threisiú, lena gcumhdaítear réimsí amhail an t athrú aeráide, an cultúr, agus gnóthaí sóisialta agus eacnamaíocha ar fud an domhain.

*I mo cháil mar* ***Uachtarán nuathofa ar CESE****, féachfaidh mé chuige:*

- ***go ndéanfaidh mé féin an comhar a chothú le heagraíochtaí idirnáisiúnta ar an leibhéal is mó*** *(i.e. na Náisiúin Aontaithe, an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, an Eagraíocht Dhomhanda Trádála);*
- ***go ndéanfar na luachanna arb iad bunús an Aontais iad a chur chun cinn tríd an gcumhacht bhog*** *(cúrsaí cultúrtha, fuinneamh agus aeráid, an taidhleoireacht ghorm) trí chabhrú le mapáil na ngníomhaíochtaí agus na dtionscnamh atá ann cheana, tríd an idirphlé agus an comhar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta i dtríú tíortha sna réimsí sin a neartú, agus trí oibriú ar thuairimí tiomnaithe.*

# AG LABHAIRT AMACH AR SON NA hEORPA
# *Glór níos ionadaíche*

A bhuíochas ar CESE, cuirtear fóram ar fáil do na saoránaigh agus do gheallsealbhóirí lena dtuairimí a chur in iúl i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais. An chéad téarma oifige eile, cuirfidh mé leis an méid atá bainte amach againn agus féachfaidh mé lena ionadaíche atá CESE a mhéadú tríd an ngrúpa geallsealbhóirí lena n oibríonn sé a leathnú agus trína chur ar chumas gníomhaithe nua cur le beartais an Aontais.

## Fóram don chéad ghlúin eile

Na cinntí a dhéantar inniu, tá siad dírithe ar thodhchaí láidir chóir a thógáil do na glúnta atá le teacht. Ina fhianaise sin, ní mór an deis a bheith ag daoine óga a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na cinntí sin a mbeidh tionchar acu orthu láithreach bonn nó i gceann tamall eile. Ní foláir ardán a thabhairt dóibh trínar féidir leo na rudaí is ábhar imní dóibh nó na riachtanais atá acu a chur in iúl.

Dá bhrí sin, agus mé i mbun oifige, féachfaidh mé le ról níos gníomhaí a thabhairt do dhaoine óga sa cheapadh beartas, ar an mbealach is oiriúnaí dóibh. Ina theannta sin, déanfar faireachán agus measúnú críochnúil ar an tionchar atá ag tograí CESE ar shaol an duine óig.

### *I mo cháil mar **Uachtarán nuathofa ar CESE**, féachfaidh mé chuige:*

- ***go gcruthófar 'Grúpa ad hoc CESE don Óige' a bheidh dírithe ar rannpháirtíocht na hóige**, grúpa a mbeidh sainordú soiléir aige leanúint leis an obair ar chuir an Grúpa Comhordaithe do Bhliain Eorpach na hÓige tús léi;*
- ***go mbainfear úsáid as leathanach gréasáin CESE 'Rannpháirtíocht na hÓige in CESE'** mar uirlis chun bearta nithiúla agus gníomhaíochtaí arna ndéanamh agus arna n eagrú ag CESE agus ag a chomhaltaí a chur ar taispeáint agus a chur chun cinn;*
- ***go dtosófar ar mheasúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hóige de a chur chun feidhme i dtuairimí CESE gan mhoill**, ag obair go dlúth leis na rannóga agus le CCMI chun a chinntiú go léireofar cúrsaí ó thaobh na hóige de i ngach réimse beartais;*
- ***go leathnófar ról 'Toscairí Óige CESE' in obair laethúil CESE**, ina fhianaise gur ghlac siad páirt go rathúil i dtoscaireacht CESE chuig Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide;*
- ***go dtreiseofar gníomhaíochtaí óige CESE** faoi ainm branda CESE 'Leatsa an Eoraip, Abair Leat! (YEYS)', go háirithe sa tréimhse díreach roimh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa in 2024.*
- ***go mbunófar Comhairle Chomhairleach na hÓige go dtí an tUachtarán** chun moltaí pragmatacha atá dírithe ar thorthaí a chur ar fáil. Áireofar réimse dearcthaí ó ghníomhaithe óga sa Chomhairle sin agus cuirfidh sí tograí sonracha le chéile, le béim ar leith ar an athrú aeráide.*

## Fóram níos cothroime

An fód a sheasamh ar son an daonlathais, don smacht reachta agus do na luachanna bunúsacha, is sa bhaile a thosaíonn sé sin. Is mar sin atá sé beartaithe ag CESE géarú ar na maidí ó thaobh a athchóirithe inmheánacha féin de ar mhaithe lena áirithiú go mbeidh trédhearcacht, sláine agus cothroime níos fearr ann.

Tá CESE go mór i gcoinne aon chineál idirdhealaithe, lena n áirítear an t idirdhealú ar bhonn inscne. Tá an comhionannas inscne fréamhaithe sna luachanna ar ar tógadh an tAontas agus ba cheart é a chur chun cinn ina iomláine ar gach leibhéal go cothrománach.

Réamhriachtanas atá sa chomhionannas inscne chun Eoraip níos cothroime agus níos láidre a bhaint amach. Tá ról ag an gCoiste i ndáil leis sin chomh maith, ag tosú leis an sampla a leagaimid síos mar thionól agus trí na cinntí a dhéanaimid. Is ar an gcúis sin a dteastaíonn tiomantas láidir soiléir uainn chun an comhionannas inscne inár gCoiste a fheabhsú.

Agus mé i mbun oifige, déanfaidh mé cultúr a chothú a mbeidh an comhionannas inscne ar feadh an tsaoil mar chuid de i gcónaí, le bearta a shaincheapfar do gach ráithe den saol, agus i ngach gníomhaíocht dár gCoiste. Más fíor gur cheart gné na hinscne a phríomhshruthú san obair bheartais go léir a dhéanann CESE, is fíor freisin gur cheart ceannaireacht na mban a spreagadh go láidir go hinmheánach.

### *I mo cháil mar **Uachtarán nuathofa ar CESE**, féachfaidh mé chuige:*

- ***go neartófar sainordú an Ghrúpa um an gComhionannas** d'fhonn cur chun feidhme a chinntiú, súil a choinneáil ar an dul chun cinn agus, i gcás inar gá, bearta coigeartaithe a mholadh chun a chinntiú go mbainfear amach na spriocanna;*
- ***go ndéanfar obair leantach ar shuirbhé an Ghrúpa um an gComhionannas maidir le 'Rannpháirtíocht na gComhaltaí, Dáileadh na hOibre agus Dea bhail'** agus, i gcás inarb iomchuí, go molfar bearta lena bhfeabhsófar an chothromaíocht inscne in CESE;*
- ***go gcothófar comhoibriú straitéiseach leis an gCoimisiún Eorpach, le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle** chun an comhionannas inscne a phríomhshruthú i ngach beartas ábhartha de chuid an Aontais;*
- ***go n eagrófar cruinnithe comhchéime chun an comhionannas inscne a phríomhshruthú** san obair bheartais go léir agus i ngach gníomhaíocht a dhéanann CESE;*
- ***go ndéanfar réitigh struchtúracha a mholadh chun sciar na mban de líon na n ionadaithe a mhéadú** fud fad an Choiste agus go ndéanfar faireachán cúramach ar an dul chun cinn trí thuarascálacha rialta;*
- ***go gcuirfear le trédhearcacht obair CESE**, go gcinnteofar rannpháirtíocht struchtúrach i gClár Trédhearcachta an Aontais agus go dtacófar le comhlacht eitice an Aontais.*

# AG LABHAIRT AMACH AR SON NA hEORPA
# *Glór láidir fóinteach*

## Institiúid atá le cloisteáil ón taobh amuigh

Le rannpháirtíocht réimse leathan geallsealbhóirí, neartóidh CESE a mhisean mar chomhlacht comhairleach d'institiúidí an Aontais agus mar ardán lena ndéantar ionadaíocht thar ceann geallsealbhóirí agus na saoránach. Ar an ábhar sin, ní mór an obair a dhéanann CESE agus a thosaíochtaí a chur in iúl don chuid eile don saol taobh amuigh den institiúid ar bhonn níos soiléire. Trí bhíthin athchóiriú institiúideach críochnúil, féachfar le treise a chur le glór CESE ionas gur dheacra an chluas bhodhar a thabhairt dó. I rith mo sheala oifige, tacóidh mé le cur chuige nua i dtaobh obair an Choiste ionas go mbeidh freastal comhsheasmhach againn in institiúidí an Aontais agus i measc geallsealbhóirí. Chuige sin, tabharfar teachtaireachtaí níos soiléire tríd an leagan amach nua atá beartaithe dár dtuairimí, rud a fhágfaidh gur féidir conclúidí agus moltaí tábhachtacha a shainaithint láithreach bonn.

*I mo cháil mar **Uachtarán nuathofa ar CESE**, féachfaidh mé chuige:*

- *go gcuirfear chun cinn láithreacht bhríomhar éifeachtúil ar na meáin shóisialta agus **athchóiriú ó bhonn ar leathanach gréasáin CESE** d'fhonn ár ngníomhaíochtaí, imeachtaí agus doiciméid a chur chun cinn ar bhonn níos fearr;*
- ***go n áiritheofar cur chun cinn gníomhach agus obair leantach fheabhsaithe i dtaobh mholtaí CESE** d'institiúidí agus do gheallsealbhóirí trí chomhoibriú láidir ar gach leibhéal;*
- ***go gcuirfear chun feidhme an leagan amach nua do na tuairimí** ionas gur féidir moltaí na sochaí sibhialta a shainaithint go soiléir;*
- ***go n úsáidfear NaviGATE, arb uirlis TF é, chun obair agus tuairimí CESE a chur chun cinn** ag céimeanna éagsúla i measc na ngeallsealbhóirí uile.*

## Institiúid fhianaisebhunaithe agus réamhbhreathnaitheach

Ós rud é gurb é CESE teach na sochaí sibhialta san Eoraip, is é an áit is fearr é le hábhair imní, fadhbanna nó dúshláin na saoránach a chur in iúl agus a thuar. Dá bhrí sin, teastaíonn cur chuige fianaisebhunaithe réamhbhreathnaitheach i dtaobh obair an Choiste ionas gur féidir rannchuidiú le clár oibre polaitiúil institiúidí an Aontais ar an mbealach is fearr. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag CESE maidir le forléargas a thabhairt ar phróisis éagsúla chlaochlaithe na laethanta seo.

Má táimid chun dul in oiriúint do na hathruithe atá amach romhainn, is gá an leas is fearr is féidir a bhaint as sainordú comhairliúcháin CESE a bunaíodh de réir an Chonartha trí mheigithreochtaí a shainaithint agus a léirmhíniú go réamhghníomhach, bearnaí sa reachtaíocht a aimsiú, tograí a fhorbairt le haghaidh pleananna gníomhaíochta cuimsitheacha, agus gné na fadbhreathnaitheachta a leabú go córasach inár ndíospóireachtaí. Ach peirspictíocht réamhbhreathnaitheach a fhorbairt d'obair CESE, d'fhéadfadh sé freisin go mbeadh seasamh níos fearr ag an gCoiste sa phróiseas cinnteoireachta agus go bhféadfadh sé tosaíochtaí nua a chur faoi bhráid an Choimisiúin nua.

*I mo cháil mar **Uachtarán nuathofa ar CESE**, féachfaidh mé chuige:*

- ***go neartófar caidreamh CESE leis na meithleacha machnaimh** trí ról a thabhairt dóibh in ullmhú tuairimí áirithe;*
- ***go ndéanfar athbhreithniú ar mhodheolaíocht na dtuairimí agus go mbainfear úsáid as tústuairimí agus as tuairimí féintionscnaimh** chun dúshláin fhadtéarmacha a shainaithint de réir mar is iomchuí;*
- ***go n iarrfar Cruinniú Mullaigh bliantúil na Meithleacha Machnaimh in CESE a reáchtáil;***
- ***go gcuirfear anailís fhadbhreathnaitheach ar ár dtuairimí chun feidhme go córasach;***
- ***go dtiocfar i dtír ar an obair a rinneadh faoin 'Achainí ar son Comhaontú Gorm don Eoraip' agus go gcuirfear an obair sin chun cinn** mar cheann de thosaíochtaí an Choimisiúin nua agus mar thionscnamh féideartha i measc na dtionscnamh Eorpach ó na saoránaigh.*

Ó síníodh Conarthaí na Róimhe, agus ó bunaíodh ár gCoiste, tá tábhacht an róil agus na gcumhachtaí atá ag CESE ag dul i méid. Ag féachaint chun cinn, agus tar éis na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, dealraíonn sé go bhfuil Coinbhinsiún nua chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár gConarthaí bunaidh níos cóngaire dúinn anois ná mar a bhí riamh. Teastaíonn uaim go mbeidh CESE réidh le tabhairt faoi iomlán an róil a bheidh aige sa phróiseas sin atá le teacht.

*I mo cháil mar **Uachtarán nuathofa ar CESE**, féachfaidh mé chuige:*

- ***go seolfar anailís chríochnúil** ar rannpháirtíocht CESE agus na sochaí sibhialta i gcaibidlíocht a rinneadh ar na Conarthaí roimhe seo agus go bhfiosrófar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an gCoiste i gcaibidlíocht eile trí **shraith dea chleachtas a chruthú agus trí thogra inghníomhaithe a fhorbairt le haghaidh ról feabhsaithe do CESE** ar mhaithe le suntasacht níos mó a thabhairt dó agus an tionchar atá aige agus a infheicthe atá sé a mhéadú, lena n áirítear **moltaí sonracha le haghaidh leasuithe ar na Conarthaí i gcás inar gá sin.***

# OLIVER RÖPKE, UACHTARÁN CESE
## *Clár oibre sóisialta an Aontais Eorpaigh a thiomáint chun cinn agus an t iomaíochas inbhuanaithe a chosaint don 21ú haois*

Tá téarma oifige na hUachtaránachta seo le teacht tráth atá iarmhairtí sóisialta, geopholaitiúla agus eacnamaíocha ann mar thoradh ar ghéarchéim ilghnéitheach: iarmhairtí phaindéim COVID 19; fogha míleata leanúnach na Rúise faoin Úcráin agus faoi thíortha comharsanachta eile, rud a chuireann luachanna an daonlathais agus na saoirse i mbaol; agus géarchéim na gcostas maireachtála agus éagobhsaíocht na mbanc ar fud an domhain atá ag teacht chun cinn le déanaí. San am céanna, tá an tAontas, i dteannta a chomhpháirtithe idirnáisiúnta, tiomanta do spriocanna aeráide a dteastaíonn gníomhaíochtaí práinneacha inbhuanaithe chucu chun nach mbeidh teip chomhchoiteann ann, ar teip í sin nach bhféadfaimis téarnamh uaithi. Maidir leis sin, tá an t aistriú glas agus an t aistriú digiteach le baint amach go fóill. I ngeall ar na géarchéimeanna iomadúla atá ann, is baolach go gcuirfear isteach ar athléimneacht an Aontais, go rachaidh na héagothromaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha atá ann in olcas, agus go dtiocfaidh an poblachas agus náisiúnachas féinlárnaithe chun cinn.

Ní mór don Aontas Eorpach, inniu níos mó ná riamh, cinntí straitéiseacha a dhéanamh chun na cuspóirí a leagadh amach mar chuid de spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus den Chomhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach, le féachaint le hathléimneacht na hEorpa a neartú agus le huathriail straitéiseach oscailte a bhaint amach i ndomhan idirnáisiúnta riailbhunaithe.

Todhchaí na hEorpa, agus go háirithe ról an Aontais Eorpaigh mar thionscadal síochána, mar aon leis na luachanna comhroinnte agus an dea bhail do na saoránaigh, tá an méid sin go léir i mbaol. Tá ról ríthábhachtach ag an tsochaí shibhialta eagraithe maidir le príomhthosaíochtaí an lae inniu a chur chun cinn. Chun athléimneacht an Aontais a neartú, ní mór inbhuanaitheacht shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil bheartais an Aontais a chur chun cinn go comhuaineach.

Tá clár tosaíochtaí polaitiúla á shaothrú ag CESE arb é is aidhm dó Aontas níos athléimní a chruthú trí dhlús a chur le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais agus Shóisialta agus cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar mhaithe leis an dá aistriú a bhainistiú.

## Clár oibre sóisialta an Aontais a thiomáint chun cinn

I bhfianaise na ngéarchéimeanna iomadúla atá roimh an Aontas, tháinig sé chun léire gur gá dea bhail na saoránach a chosaint agus an cuimsiú sóisialta a éileamh. Sa bhreis air sin, agus ár sochaithe i mbun aistriú mar thoradh ar an aistriú glas agus an t aistriú digiteach, ní hionann a thuilleadh na patrúin mhaireachtála, na patrúin tomhaltais, ná na patrúin oibre atá ag muintir na hEorpa.

30 bliain tar éis bhunú an mhargaidh aonair, ní mór do CESE a chuid iarrachtaí a dhíriú ar chóineasú aníos sóisialta agus eacnamaíoch nach bhfágfar aon duine ar lár ann. Dá mbeadh cur chuige cóir duinelárnach ann, chinnteofaí go mbeadh dálaí cuibhiúla sa mhargadh saothair agus d'fhéadfaí cur i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta. I dtaca leis sin, ní mór do CESE tacú le cur chun feidhme Comhaontaithe Ghlais agus Shóisialta, na spriocanna forbartha inbhuanaithe, agus Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

Ós rud é go bhfuil tionchar suntasach ag an dá aistriú ar phoist agus ar an bhfostaíocht, ní mór do CESE tacú le cosaint na n oibrithe agus le dálaí saothair inbhuanaithe chun féachaint leis an gcóineasú sóisialta agus cothrom na Féinne don lucht saothair ar fad a áirithiú. Dá bhrí sin, ní mór do CESE leanúint lena chuid gníomhaíochtaí chun tacú leis

an méid seo a leanas: cur chun cinn na cómhargála, an idirphlé shóisialta agus rannpháirtíocht na n oibrithe, lena n áirítear an daonlathas ag an obair; cóineasú aníos an phá agus na ndálaí oibre ar fud na hEorpa; an comhrac i gcoinne na hoibre forbhásaí; gníomhaíocht níos láidre ón Aontas chun deireadh a chur leis an mbearna phá idir na hinscní; agus poist agus ioncam a chosaint trí bhearta lena dtabharfar aghaidh ar an ngné shóisialta de ghéarchéim na gcostas maireachtála.

Ar mhaithe le haistriú cóir cothrom a áirithiú, tá sé ríthábhachtach go bhforbróidh na hoibrithe a gcuid scileanna agus inniúlachtaí ar mhaithe le deiseanna nua a chruthú agus le dul in oiriúint don ré dhigiteach, go háirithe i gcomhthéacs Bhliain Eorpach na Scileanna. Ós fíor freisin go ndéanfar difear do dhálaí saothair mar thoradh ar an dá aistriú, is den ríthábhacht é feabhas a chur ar chosaint chearta bunúsacha agus ar chearta saothair an lucht saothair, mar aon le hathruithe teicneolaíochta agus athruithe eile san ionad oibre a bhainistiú, le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta.

An lucht saothair a chosaint; tá cosaint na n oibrithe is leochailí a bhíonn thíos le héagothromaíochtaí sóisialta mar chuid de sin chomh maith. Caithfidh go bhfanfaidh sé ina thosaíocht i gcónaí aghaidh a thabhairt ar gach cineál idirdhealaithe sa mhargadh saothair ar mhaithe lena áirithiú go mbeidh cóir chothrom agus comhdheiseanna ann. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar bhearta struchtúracha a fhorbairt d'fhonn an comhionannas inscne a áirithiú san ionad oibre.

I measc iarmhairtí na ngéarchéimeanna iomadúla, tá gach aon duine thíos leis an mboilsciú agus leis an méadú atá ag teacht ar phraghsanna fuinnimh, go mór mór na saoránaigh leochaileacha, an earnáil talmhaíochta agus na ceantair thuaithe. Tá leibhéil na bochtaineachta agus an easpa dídine ag dul i méid. Agus an scéal sin amhlaidh, ní mór do CESE obair a dhéanamh chun fuinneamh glan inacmhainne a áirithiú do chách, agus rochtain chomhionann ar fhuinneamh ina ceart bunúsach. Bearta chun an bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac agus chun tomhaltóirí a chumhachtú san aistriú fuinnimh, ní mór na bearta sin a bheith i gcroílár thosaíochtaí polaitiúla CESE i réimse an fhuinnimh. Ní mór do CESE aghaidh a thabhairt freisin ar shaincheist na heaspa dídine agus ba cheart dó tacú le beartais tithíochta inbhuanaithe agus chuimsitheacha.

Ar deireadh thiar, na hathruithe ar tháinig ann dóibh le blianta beaga anuas de bharr na ngéarchéimeanna éagsúla, fágann siad go bhfuil brú á chur diaidh ar ndiaidh ar na saoránaigh, rud a dhéanann difear dá ndea bhail mheabhrach i gcásanna áirithe. Agus fadhbanna meabhairshláinte ag éirí níos coitianta san Aontas, ní mór don Aontas tacú le cur chuige cuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin, agus bearta nithiúla a mholadh chun iad a fheabhsú.

## An t iomaíochas inbhuanaithe a chosaint san 21ú haois

Ó thaobh an gheilleagair de, tá an tAontas dírithe ar an mboilsciú a chomhrac agus an chobhsaíocht airgeadais a chosaint, agus an fás eacnamaíoch agus an comhtháthú sóisialta á gcosaint aige san am céanna. De dheasca an chuspóra aeráidneodrachta a leagadh síos do 2050, níl an dara rogha ag tionscal an Aontais ach dul in oiriúint go tapa do theicneolaíochtaí glan nialasacha, agus tá an t éileamh ar amhábhair chriticiúla ag dul i méid dá bharr chomh maith. Ar an gcaoi chéanna, leis an digiteáil, tá teicneolaíochtaí nua á dtabhairt isteach a d'fhéadfadh an modh oibre atá againn a athrú. I dteannta an phróisis leanúnaigh atá ar bun ó thaobh réigiúnú na trádála de, bíonn tionchar ag na forbairtí sin ar iomaíochas thionscal an Aontais agus ar iomaíochas an mhargaidh inmheánaigh.

Tá straitéis fhadtéarmach de dhíth chun an tsamhail Eorpach um an bhfás eacnamaíoch a chosaint, straitéis a bheadh bunaithe ar an iomaíochas inbhuanaithe, ar an uathriail straitéiseach oscailte, agus ar an iomaíocht chóir. Ceann de na príomhghnéithe chun an méid sin a bhaint amach is ea an margadh aonair. Cé go bhfuil an margadh aonair ar an bhfód le 30 bliain anuas, tá bailchríoch fós le cur air. Iarrfaidh CESE go ndéanfar tuilleadh iarrachtaí chun timpeallacht fhabhrach a chur ar fáil do ghnólachtaí an Aontais, is cuma cá bheag nó cá mhór iad (FBManna san áireamh), chun dul i mbun nuálaíochta, infheistíochta agus fáis. Tacóidh CESE le margadh aonair dophollta mar fhoinse rathúnais do ghnólachtaí an Aontais agus mar fhoinse dea bhaile do na saoránaigh. Ar an dóigh chéanna, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil ár dtionscail réidh don aistriú glas agus don aistriú digiteach ar mhaithe leis an gcuspóir maidir le mór roinn aeráidneodrach a bheith ann faoi 2050 a bhaint amach. I bhfianaise na bhforbairtí geopholaitiúla a thit amach le déanaí de thoradh fhogha leanúnach na Rúise faoin Úcráin, is ríléir gur gá dúinn ár spleáchais straitéiseacha a laghdú,

go háirithe a mhéid a bhaineann le hamhábhair chriticiúla, fuinneamh agus soláthar bia, agus san am céanna leanúint orainn de bheith san iomaíocht ar fud an domhain. Maidir le haon bheartas tionsclaíoch inbhuanaithe de chuid an Aontais, tá CESE suite de gur cheart tógáil ann ar theicneolaíochtaí glana agus réitigh chiorclacha, ar chur chuige duinelárnach cuimsitheach i leith na digiteála agus, freisin, ar chur chuige inbhuanaithe i leith shlándáil an fhuinnimh agus uathriail straitéiseach oscailte sa trádáil idirnáisiúnta.

Ar deireadh, baineann ríthábhacht leis an athbhreithniú ar an gcreat rialachais eacnamaíoch chun geilleagar Eorpach níos athléimní agus níos inbhuanaithe a chruthú. Creat níos simplí, níos trédhearcaí, agus níos éifeachtaí, ceann a mbaineann úinéireacht náisiúnta níos fearr leis, mar aon le forfheidhmiú níos fearr, chabhródh creat mar sin le geilleagar glas, digiteach agus athléimneach na todhchaí a thógáil, geilleagar ina gcothófaí an fás cuimsitheach agus ina n áiritheofaí an inbhuanaitheacht airgeadais phoiblí san uile Bhallstát. Tríd an méid sin ar fad, le chéile le haontas baincéireachta níos láidre agus aontas níos láidre na margaí caipitil, rannchuideofaí le cobhsaíocht airgeadais níos fearr sa limistéar euro. Coinneoidh CESE air ag cur le timthriall an tSeimeastair Eorpaigh agus tacóidh sé le tabhairt chun críche aontas na margaí caipitil agus an aontais baincéireachta mar phríomh gharspriocanna chun téarnamh inbhuanaithe agus cuimsitheach a áirithiú.

Tá CESE suite de go mbeidh an tAontas ina fhoinse rathúnais i gcónaí agus go gcuirfidh sé leis an bplé maidir le conas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Creideann an Coiste freisin go leanfaidh an tAontas air de bheith ag cur chun cinn an t idirphlé sóisialta, pá cóir agus córais cómhargála mar chodanna ríthábhachtacha de cholún Eorpach na gceart sóisialta agus den mhúnla sóisialta Eorpach.

# TOSAÍOCHTAÍ BEARTAIS ROGHNAITHE BUNAITHE AR IONCHUR ÓN RÚNAÍOCHT

## Dlús a chur le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna)

A fhéideartha atá sé na SDGanna a bhaint amach faoi 2030, tá sé seo á chur go mór i mbaol de dheasca an iomaí sin géarchéimeanna idirnasctha ar fud an domhain atá os ár gcomhair amach. Ina ainneoin sin, is iad na SDGanna an réalta solais agus an compás againn, agus iad an t aon fhís uilíoch atá ann don tsíocháin, don rathúnas socheacnamaíoch agus don inbhuaine comhshaoil. Má tharlaíonn nach gcuirfear chun feidhme prionsabail na SDGanna, i.e. an cuimsiú sóisialta, an fuinneamh glan, rochtain uilíoch ar sheirbhísí poiblí agus patrún freagrach tomhaltais agus táirgeachta, fágfaidh sé gur mó fós an méid géarchéimeanna agus coimhlintí geopholaitiúla a bheidh ann.

Tá ról lárnach ag CESE maidir le dul chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme na SDGanna, faoi mar a chonacthas leis an rannchuidiú a rinneadh le déanaí le hAthbhreithniú Deonach an Aontais atá le cur i láthair ag an bhFóram Ardleibhéil Polaitíochta i Nua Eabhrac i samhradh 2023.

Beidh ar CESE aird ar leith a thabhairt ar roinnt saincheisteanna sonracha, eadhon: an gá atá le straitéis chuimsitheach ón Aontas i dtaca leis na SDGanna d’fhonn an comhleanúnachas beartais a fhorbairt; an gá atá le rannpháirtíocht níos struchtúrtha na sochaí sibhialta sa phróiseas mar go bhféadfadh CESE spás a chur ar fáil ina bhféadfadh an tsochaí shibhialta teacht le chéile leis an lucht ceaptha beartas; agus an bhéim a leagtar ar an ngné shóisialta den inbhuanaitheacht, óir ní éireoidh leis an gclaochlú mura bhfuil sé bunaithe ar thacaíocht leathan, ar aistriú cóir agus ar rannpháirtíocht ghníomhach gach coda den tsochaí.

## Rannpháirtíocht na hóige i gcúrsaí aeráide agus inbhuanaitheachta

An ghné idirghlúine de na beartais aeráide, de na beartais forbartha inbhuanaithe agus de na sásraí cur chun feidhme, tá sé riachtanach an ghné sin a léiriú tríd an óige a bheith rannpháirteach ar bhonn láidir fónta ag gach céim de phróisis chinnteoireachta an Aontais, ó dhréachtú na dtograí agus na dtionscnamh reachtach go dtí an cur chun feidhme, an faireachán, agus an obair leantach. Má táthar chun na SDGanna a chur chun feidhme trí bhíthin an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, beidh cur chuige nua ag teastáil. Beidh gá le samhail rialachais il gheallsealbhóra nua, ceann níos cuimsithí lena gcuirfear an t aos óg i gcroílár an phróisis rannpháirtíochta agus a bhainfidh an barr de leithéidí cruinnithe ad hoc agus gairmeacha ar chomhairliúchán.

Leanfaidh CESE dá iarrachtaí glór na n óg a chur san áireamh ina chuid oibre féin agus iarrfaidh sé ar na hinstitiúidí eile páirt a thabhairt do dhaoine óga ar bhonn níos struchtúrtha fónta. Ón taobh praiticiúil de, déanfaidh CESE an méid seo a leanas: leanúint de chruinnithe comhchéime leis an óige a eagrú maidir leis an aeráid agus an inbhuanaitheacht agus toscaire de chuid na n óg a cheapadh ar thoscaireacht CESE chuig cruinnithe Chomhdháil na bPáirtithe i gCreat Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide; Measúnú Tionchair an Aontais ó Thaobh na hÓige de a chur i bhfeidhm chun cur chuige comhsheasmhach a fhorbairt i dtaca le rannpháirtíocht na n óg laistigh de CESE agus smaointe móra eile a scrúdú i dtaca le páirt a thabhairt do dhaoine óga, rud a chuirfidh le cur chun feidhme an rúin ó CESE maidir le hoidhreacht bhuanseasmhach Bhliain Eorpach na hÓige: príomhshruthú agus cumhachtú na hóige.

## An Geilleagar Ciorclach

Ardán Eorpach Gheallsealbhóirí an Gheilleagair Chiorclaigh, léiriú iontach atá ann ar ar féidir a dhéanamh chun geilleagar ciorclach a chothú san Eoraip agus i gcéin. Tacaíonn an tArdán sin le gnólachtaí, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus leis na húdaráis phoiblí dlús a chur leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach ar fud na hEorpa trí idirphlé a chothú, eolas agus saineolas a roinnt, agus dea chleachtais a mhalartú ar shuíomh gréasáin.

Cuirfidh CESE lenar baineadh amach go dtí seo le príomhghníomhaíochtaí for rochtana an Ardáin, leithéidí Chainteanna Ciorclacha an Aontais, lena spreagtar díospóireachtaí nótáilte faoi chúrsaí reatha an gheilleagair chiorclaigh, mar aon lena chomhdháil bhliaintúil. Ní mór ceist an gheilleagair chiorclaigh a phríomhshruthú freisin ar fud réimsí beartais eile, lena n áirítear, mar shampla, na córais bhia inbhuanaithe agus an fhorbairt tuaithe.

## Aistriú glas na tionsclaíochta Eorpaí

Is mór an dúshlán atá ag baint leis an gcuspóir astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a laghdú faoi 55 % faoi 2030 agus is gá treochlár soiléir a bheith ann chuige sin má táthar chun aistriú cóir a dhéanamh sna blianta fada atá amach romhainn. Ní foláir athrú ó bhonn a dhéanamh ar gach earnáil thionsclaíoch. Ní éireoidh leis an aistriú fuinnimh agus aeráide mura nglacann saoránaigh an Aontais leis agus, mar sin, ba cheart a chinntiú go mbeidh poist ardcháilíochta ar fáil agus go mbeidh teacht ar tháirgí inacmhainne.

Cuireann An Comhaontú Gorm don Aontas gné nua leis an treochlár atá molta ag an gCoimisiún le haghaidh an Chomhaontaithe Ghlais. Iarrann CESE ar institiúidí an Aontais an beartas cuimsitheach nua sin don Aontas maidir le huisce a ghabhadh orthu féin, agus coinneoidh an Coiste súil ar a chur chun feidhme i rith théarma oifige an chéad Choimisiún eile.

Is ann do shaincheisteanna áirithe ar fiú aird ar leith a thabhairt orthu, go mór mór an gá atá le Comhaontú Gorm don Eoraip. Leanfaidh CESE den obair leantach ar chomhordú foriomlán an téama chothrománaigh sin a chinntiú. Ní mór tacú le glasú na dtionscal, go mór mór na tionscail siúd atá dian ar acmhainní, agus leis an nglacadh atá le hearnáil na dteicneolaíochtaí glasa, teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce san áireamh. Caithfidh CESE páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí beartais an Aontais maidir le gnéithe sóisialta an aistrithe fuinnimh agus aeráide, agus saineolas CESE a chur chun tairbhe chun dúshláin a shainaithint agus réitigh a mholadh ar mhaithe le cothrom na Féinne a bhaint amach do shaoránaigh an Aontais ó thaobh fostaíochta agus táirgí, fuinneamh, agus seirbhísí inacmhainne do chách de.

## Iarracht chuimsitheach tionsclaíocht na hEorpa a dhigiteáil

Cruthaíonn an digiteáil comhthéacsanna nua do thionscail an Aontais agus le haghaidh seirbhísí i gcoitinne, ach tagann dúshláin de chineál nua chun cinn freisin dá deasca, cuir i gcás ionstraimí tacaíochta nua a cheapadh lena chinntiú go mbeidh cothrom na Féinne ag tionscail an Aontais, idir bheag agus mhór, i dtaca leis na teicneolaíochtaí siúd a fháil. Mar aon leis sin, éilíonn an digiteáil aird mhór a dhíriú ar na poist a bheidh ann amach anseo sa tionsclaíocht. An t athrú a dhéanfar ar an tionsclaíocht agus ar an tsochaí de thoradh an phróisis sin, ní mór é a bhainistiú seachas neamhaird a thabhairt air, agus an t aistriú cóir a chothú in éineacht le cur chuige duinelárnach i dtaca leis na hathruithe sin.

Tacóidh CESE le forbairt earnálacha nua teicneolaíochta amhail an mheiteachruinne, i gcomhréir leis na caighdeáin Eorpacha, agus díreoidh sé ar thionchar na hintleachta saorga in earnálacha tionsclaíochta éagsúla. Beidh sé gníomhach i gcónaí ó thaobh na dteicneolaíochtaí ceannródaíocha de, lena n áirítear saincheisteanna na róbataice agus na ndrón. Féachfaidh sé le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí comhthaobhacha a chuireann le hiomaíochas tionsclaíoch foriomlán an Aontais, lena n áirítear páirt a ghlacadh i gcomhghuaillíochtaí a thugann aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an digiteáil ar an mbonn céanna leis an bpáirt a ghlacann sé i gComhghuaillíocht Amhábhar an Aontais. Tacóidh sé leis an tsochaí shibhialta a dhéanamh rannpháirteach ann ar bhonn níos struchtúrtha, óir ní éireoidh leis an athrú ó bhonn seo ach amháin má bhíonn bonn tacaíochta forleathan leis, má bhaintear aistriú cóir amach, agus má ghlacann gach cuid den tsochaí páirt ghníomhach ann.

## Feabhas a chur ar iomaíochas domhanda agus uathriail straitéiseach oscailte thionsclaíocht an Aontais

Tá sé ar cheann de phríomhchuspóirí bheartas tionsclaíoch an Choimisiúin leis na blianta anois iomaíochas foriomlán thionscail an Aontais a chinntiú. Is iomaí saincheist, de bhreis ar an ngné inmheánach, a bhaineann leis an ngné sheachtrach ar léir go bhfuil tionchar láidir aici ar iomaíochas tionsclaíoch an Aontais. Is léire anois an gá atá le huathriail straitéiseach oscailte. Ní mór aghaidh a thabhairt freisin ar an gcaoi ar féidir leas a bhaint as cistí poiblí agus as an státchabhair chun tacaíocht a thabhairt d'earnáil na tionsclaíochta ar bhealach nach mbainfeadh saobhadh leis, agus ní mór aghaidh a thabhairt freisin ar chritéir úsáide agus leithdháilte an chistiúcháin sin. Chuige sin, díreoidh CESE ar shlabhraí luacha straitéiseacha.

Forbróidh CESE straitéis chuimsitheach i dtaca le hamhábhair chriticiúla agus féachfaidh sé le páirt a ghlacadh i gComhghuaillíocht Amhábhar an Aontais. Tacóidh sé leis an méadú ar uathriail straitéiseach oscailte earnálacha straitéiseacha, cuir i gcás earnálacha na cosanta, an spáis, agus na sliseanna. Cuirfidh sé leis an athmhachnamh ar na bealaí is féidir le cuideachtaí iad féin a chosaint ar sháruithe ar shonraí, cibirionsaithe, agus an spiaireacht dhigiteach.

## Athchóiriú ar mhaithe le geilleagar athléimneach san Aontas

Tá deacrachtaí ag baint, sa timpeallacht eacnamaíoch atá ann faoi láthair, le beartais eacnamaíocha a chur chun feidhme a bhfuil sé d'aidhm acu an boilsciú a laghdú, ar thaobh amháin, agus, ar an taobh eile, fás an gheilleagair, an fhostaíocht agus inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a áirithiú sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Cuirfidh CESE moltaí chun tosaigh a chabhróidh le lucht ceaptha beartas beartais a fhorbairt a dhíreoidh ar théarnamh inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú agus geilleagar athléimneach a thógáil san Aontas, agus aghaidh á tabhairt san am céanna ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach.

Leanfaidh CESE de mholtaí a chur chun tosaigh go leathbhliantúil i dtaca leis an Moladh ón gCoimisiún Eorpach maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe, chun ábhar beartais tráthúil agus cothrom le dáta a chur ar fáil le haghaidh phróiseas comhordaithe an bheartais eacnamaíoch laistigh de thimthriall bliantúil an tSeimeastair Eorpaigh.

Cuirfidh CESE a thuilleadh moltaí chun tosaigh freisin le haghaidh an athbhreithnithe ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, óir tá gá le comhordú láidir ar an mbeartas buiséadach agus ar an mbeartas struchtúrach, mar aon le faireachas éifeachtach eacnamaíoch agus fioscach.

Cuirfidh CESE moltaí chun tosaigh freisin i dtaca le athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta comhairliúcháin agus comhordaithe laistigh den Seimeastar Eorpach d'fhonn na próisis a dhéanamh níos simplí, níos daonlathaí, agus níos trédhearcaí. Trí mheán an Ghrúpa ad hoc um an Seimeastar Eorpach in CESE, leanfaidh an Coiste dá iarrachtaí comhairliúcháin leathana a dhéanamh i gcomhar le sochaí shibhialta eagraithe an Aontais chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na bpleananna náisiúnta laistigh den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta ar an leibhéal Eorpach agus náisiúnta araon a áirithiú.

## Aontas na Margaí Caipitil agus an tAontas Baincéireachta a bhaint amach

Caithfidh margaí airgeadais an Aontais a bheith comhtháite agus cobhsaí chun tacú le téarnamh na hEorpa agus chun an tAontas a chur ar ais ar bhealach an aistrithe chuig geilleagar aeráidneodrach a bheidh níos digití de réir a chéile agus a mbeidh an fás eacnamaíoch inbhuanaithe cuimsitheach ina shaintréith aige. Beidh an téarnamh ag brath go mór ar chumas mhargaí airgeadais na hEorpa leachtacht leordhóthanach agus comhroinnt riosca níos fearr a áirithiú. Tá sé riachtanach bearta diongbháilte a dhéanamh chun Aontas Margaí Caipitil éifeachtúil comhtháite a fhorbairt mar aon le hAontas Baincéireachta lándéanta, ina mbeadh na Ballstáit uile páirteach agus a bheadh dírithe ar a thuilleadh comhchuibhithe a bhaint amach agus deireadh a chur le constaicí trasteorann, agus rialáil agus faireachas fónta á gcaomhnú san am céanna. Táthar ag súil leis go leanfaidh an Coimisiún Eorpach den Phlean Gníomhaíochta chun Aontas Margaí Caipitil a Thógáil a chur chun feidhme, agus beidh an tábhacht go deo leis an athbhreithniú ar an gcreat atá ann faoi láthair le haghaidh maoirseacht baincéireachta, dócmhainneacht agus réiteach baincéireachta, agus scéimeanna ráthaithe taiscí.

Sa chéad chuid eile de thréimhse an tsainordaithe, déanfaidh CESE obair ar réimsí beartais ríthábhachtacha, amhail an creat bainistíochta géarchéime banc agus árachais taiscí. Cuirfidh sé leis an díospóireacht faoin maoiniú inbhuanaithe. Eagróidh sé éisteachtaí poiblí ar na hábhair thábhachtacha sin. Déanfaidh sé iarracht cur le rannpháirtíocht rapóirtéirí CESE i gcruinnithe agus éisteachtaí An Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta i bParlaimint na hEorpa agus féachfaidh sé le nasc níos dlúithe a fhorbairt le buanionadaíochtaí chuig an Aontas Eorpach na dtíortha siúd ag a bhfuil Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, chun rannpháirtíocht níos gníomhaí chomhaltaí CESE in imeachtaí tábhachtacha a chur chun cinn, amhail Seimineár Ardleibhéil agus Fóram Deiridh EUROFI.

## Creat Airgeadais Ilbhliantúil a bheidh in ann ag dúshláin na todhchaí, beartas comhtháthaithe láidir san áireamh

Tá sé iarrtha go mion minic ag CESE go ndéanfaí an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) a dhíriú ar phoist, ar an bhfás, agus ar an iomaíocht, agus tá sé iarrtha aige go gcuirfí buiséad láidir Eorpach ar fáil a mbeadh na hacmhainní airgeadais leordhóthanacha aige chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach. Leanfaidh CESE den phlé maidir leis an gcaoi arbh fhéidir buiséad an Aontais a chistiú ar bhonn níos mó le fíoracmhainní dílse.

Ní mór ról lárnach a bheith ag an mbeartas comhtháthaithe i dtaca le téarnamh cothrom a bhaint amach ó thaobh fás leanúnach de, i dtaca le cóineasú a chothú, an eisiamh sóisialta a chomhrac, mar aon lena chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár. Seasfaidh CESE ar an bpointe gur cheart don chóineasú cuidiú leis na beartais atá comhaontaithe a chur chun cinn, i dtaca leis an digiteáil agus inrochtaineacht seirbhísí, an t ationsclú, FBManna agus seirbhísí leathanbhanda sna réigiúin.

Déanfaidh CESE tuairim a tharraingt suas maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar CAI. Roinnfidh sé moltaí leis an gCoimisiún maidir le hacmhainní dílse nua le haghaidh bhuiséad an Aontais, tar éis dó iarraidh chuige sin a fháil ón gCoimisiún. Ullmhóidh sé tuairim maidir le todhchaí an bheartais chomhtháthaithe tar éis 2027. Leanfaidh sé de mholtaí a dhéanamh le haghaidh beartas comhtháthaithe a thiocfadh le fíor riachtanais shaoránaigh an Aontais agus a chomhlíonfadh na spriocanna fadtéarmacha maidir le cóineasú réigiúin an Aontais agus déanfaidh sé tuairim a tharraingt suas maidir leis na limistéir atá tearc i ndaoine, oileáin an Aontais, agus ceantair shléibhe lena chur i bhfáth go dteastaíonn fás agus forbairt chothrom ó gach réigiún san Aontas.

## Téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta ó dhrochthionchar na paindéime agus chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus as an méadú a tháinig ar phraghsanna fuinnimh agus ar an gcostas maireachtála de dheasca an méid sin

Tá CESE i bhfách, le fada an lá, leis an gcóineasú aníos agus beartas sóisialta níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát araon. Cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, is ionann sin agus athdhearbhú an tiomantais chomhpháirtigh don mhúnla sóisialta Eorpach.

Fad is atá an t aistriú glas agus an t aistriú digiteach ar bun, is iad na saincheisteanna tábhachtacha ar gá aghaidh a thabhairt orthu na cineálacha nua oibre; cosaint na gceart comhchoiteann; an tionchar ar dhálaí saothair; an dífhostaíocht ard, an obair fhorbhásach, agus an bhochtaineacht a chomhrac; cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, an cuimsiú agus an comhionannas de gach aon sórt, agus scileanna.

An dul chun cinn is déanaí ó thaobh na hintleachta saorga de, d'fhéadfadh sé an t éileamh ar oibrithe ardoilte a athrú ó bhonn agus cur isteach ar na próisis eacnamaíocha agus táirgthe.

Sa chéad chuid eile de thréimhse an tsainordaithe, díreoidh CESE ar an méid seo a leanas: cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, dálaí saothair, na cineálacha nua oibre agus an tionchar a bheidh acu sin ar fhostaíocht na hóige agus na mban, na córais leasa (an cúram agus an comhionannas de gach aon sórt, an comhionannas ioncaim san áireamh), tionchar na hintleachta saorga ar an margadh saothair agus ar an bhfostaíocht, agus cur chun feidhme phríomhshruthú na hóige/Mheasúnú Tionchair an Aontais ó Thaobh na hÓige de.

## Na cearta bunúsacha agus an smacht reachta

Is iomaí tír a bhfuil na cearta bunúsacha agus an smacht reachta faoi ionsaí i gcónaí ann, mar a bhfuil fás ag teacht ar ghluaiseachtaí pobalachais agus an daonlathas ag titim siar.

D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an intleacht shaorga go mór leis an mbréagaisnéis spriocdhírithe, go nglacfadh sí áit oibrithe ardoilte daonna i gcás réimse leathan feidhmeanna, agus go mbainfí leas aisti le daoine a chomhéigniú agus lena gcur faoi smacht.

Tacóidh CESE go láidir le cur chun feidhme phacáiste an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cosaint an daonlathais agus díreoidh sé ar na cearta bunúsacha i gcomhthéacs fhorbairt na hintleachta saorga.

## An imirce

Beidh an choinbhleacht, an t athrú aeráide, agus an neamhionannas eacnamaíoch ina gcúis leis an imirce i gcónaí. Díreoidh CESE ar an mbainistiú imirce a chomhlíonann oibleagáidí dhlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta agus ina gcuirtear san áireamh forbairt dhéimeagrafach agus riachtanais eacnamaíocha an Aontais.

## Comharsanacht shlán shocair

Cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ní hamháin gur bagairt atá ann ar na luachanna ar bunchlocha an Aontais Eorpaigh iad, ach is é an fhianaise is fearr é go bhfuil dúshlán á chur faoin ord idirnáisiúnta riailbhunaithe agus go bhfuil tús curtha le tréimhse gheopholaitiúil níos éagobhsaí, ceann ar gá dúinn ár mbealach tríd a dhéanamh i gcomhar le chéile.

Ba cheart tús áite a thabhairt i gcónaí do na tíortha sa gharchomharsanacht. Tá brú mór curtha ar Chomhpháirtíocht an Oirthir le blianta beaga anuas, ar dtús, de dheasca chinneadh na Bealarúise a rannpháirt inti a chur ar fionraí agus, ina dhiaidh sin, de dheasca chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Cé go bhfuil greim daingean ar an mBealarúis go fóill acu siúd a chuir daonlathas na tíre faoi chois, tá an Úcráin ag troid ar son a saoirse, agus tá an Mholdóiv ag leanúint den chonair Eorpach atá amach roimpi, d'ainneoin brú leanúnach ón Rúis.

Sa chéad chuid eile de thréimhse an tsainordaithe, déanfaidh CESE a dhícheall chun na hArdáin Sochaí Sibhialta idir an tAontas agus an Úcráin, an Mholdóiv, agus an tSeoirsia a neartú agus a chur chun cinn, ardáin a cruthaíodh trí bhíthin na gcomhaontuithe comhlachais leis na tíortha sin. Tá obair agus cruinnithe rialta na n ardán sin ríthábhachtach i dtaca le bealach na dtíortha sin a réiteach i dtreo lánpháirtiú san Aontas. Coinneofar nasc leanúnach le sochaí shibhialta na hAirméine freisin trí bhíthin an ardáin thiomanta sochaí sibhialta.

Leanfaidh CESE dá thacaíocht do shochaí shibhialta neamhspleách na Bealarúise, idir an dream atá laistigh den tír agus an dream atá lasmuigh di, ar grúpaí iad atá faoi bhrú ollmhór ag réimeas na tíre. Coinneoidh CESE cothrom le dáta freisin i dtaca le cás na sochaí sibhialta san Asarbaiseáin agus éileoidh sé fíor-idirphlé sibhialta agus sóisialta.

Tá tíortha na mBalcán Thiar ag fanacht le ballraíocht san Aontas leis na blianta fada. Bíonn eagraíochtaí shochaí shibhialta na dtíortha sin ag obair i gcomhar le CESE i gcónaí agus spreagann siad feabhas leanúnach ar ailíniú na stát sin le dlíthe agus luachanna an Aontais ar mhaithe lena sprioc dheiridh a bhaint amach agus cuid de theaghlach na hEorpa a dhéanamh dá dtíortha faoi seach agus, lena chois sin, ar mhaithe leis an tsíocháin agus an chobhsaíocht sa réigiún.

Caithfear leanúint den idirphlé le tíortha na Meánmhara, tíortha a bhfuil cúrsaí polaitiúla an-mhíshocair i gcuid mhór acu faoi láthair, agus aghaidh á tabhairt acu ar dhúshláin ollmhóra shochaíocha agus eacnamaíocha. Leanfaidh Cruinniú Mullaigh Euromed den idirphlé fónta sóisialta a chur chun cinn sa réigiún agus de bhéim a leagan ar thosaíochtaí coiteanna amhail an t oiriúnú don athrú aeráide, slándáil an tsoláthair fuinnimh, agus bainistiú éifeachtach na sreabha imirce.

## Ag obair as lámha a chéile leis na comhpháirtithe ar son na sochaí cóir ina dtugtar aird ar chearta an duine

Tá an neamhionannas ag dul i méid ar fud an domhain, sa lá atá inniu ann. Is measa fós an scéal de dheasca phaindéim COVID 19, rud a rinne scrios ar dhul chun cinn na mblianta, agus fágann cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine go bhfuil aird á tarraingt ó dhúshláin eile a bhfuil an tábhacht leo. Ní mór don chomhphobal idirnáisiúnta filleadh ar an obair leis an neamhionannas a laghdú agus lena dheimhniú go gcloíonn sé leis an ord iltaobhach riailbhunaithe agus le cearta uilechoiteanna an duine. Is iontach oiriúnach an bhliain é 2023 lena leithéid a dhéanamh. Cothrom na bliana seo seachtó cúig bliana ó shin tháinig Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine ar an bhfód. Garsprioc atá in 2023 freisin, le haghaidh athbhreithniú meántéarma ar na spriocanna forbartha inbhuanaithe.

Rannchuideoidh CESE leis an obair sin trí obair a dhéanamh i gcomhar leis an tsochaí shibhialta i dtíortha ACC agus i dtíortha Mheiriceá Laidinigh i dtaca leis na príomhghealltanais i leith na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine a chur chun cinn, lena n áirítear cearta bunúsacha saothair agus inscne. Déanfaidh sé faireachán ar an gcaoi a ndéanann cur chun feidhme tionscadal faoi Thionscnamh Thairseach Dhomhanda an Aontais rannchuidiú le baint amach na gcuspóirí sin. Cuirfidh sé lón machnaimh ar fáil, i bhfoirm tuairimí agus gníomhaíochtaí tiomnaithe, i dtaca le taidhleoireacht aeráide an Aontais a neartú, an bhréagaisnéis agus an tionchar eachtrach a chomhrac, agus an méid is féidir leis an tsochaí shibhialta a dhéanamh chun an t iltaobhachas agus bunphrionsabail idirnáisiúnta an oird riailbhunaithe a neartú ar an saol seo ar a bhfuil athrú ag teacht ar luas lasrach.

## An trádáil inbhuanaithe a théann chun tairbhe do chách a chur chun cinn

Tá sé ríthábhachtach, i dtaca le hiomaíochas an Aontais a chaomhnú agus an athléimneacht a neartú in aimsir ghéarchéime, go ndéanfadh an tsochaí shibhialta faireachán ar chaibidliú, cur chun feidhme, agus forfheidhmiú na gcomhaontuithe trádála.

Leanfaidh CESE de thacaíocht riaracháin agus beartais a chur ar fáil do na grúpaí comhairleacha baile arna gcur ar bun le comhaontuithe trádála an Aontais. Déanfaidh sé cinnte de go dtabharfar aghaidh éifeachtach ar easnamh ar bith san Aontas nó sna tíortha comhpháirtíochta i dtaca le cearta comhshaoil nó saothair. Déanfaidh sé an trádáil inbhuanaitheach a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais agus na hEagraíochta Domhanda Trádála tríd an dara Fóram den tSochaí Shibhialta maidir leis an Trádáil agus an Fhorbairt Inbhuanaithe.

## Staidéir agus Measúnuithe Beartais: mar is féidir obair níos fianaise-bhunaithe a dhéanamh d'obair chomhairleach CESE

'Síor ghéarchéim', 'pola ghéarchéim': ceaptar focail nua san iarracht cur síos a dhéanamh ar na dálaí agus na himeachtaí cinniúnacha a chuireann isteach go mór ar an tsochaí agus a fhágann as a riocht í.

Léiriú atá ann ar laigí agus easpa ullmhachta an Aontais i dtaca leis na dúshláin a ghabhann leis an saol seo a bhfuil géarchéim ann i gcónaí. Oscailt súil atá ann, rud is ceart gach duine againn a spreagadh chun gnímh. Bíodh sin mar atá, ní hé réiteach na faidhbe a bheith ag breith suas ar chúrsaí arís agus arís eile agus bearta gearrthéarmacha a cheapadh le dul i ngleic le géarchéimeanna de réir mar a thiteann siad amach. Ní mór don Aontas na géarchéimeanna a thuar sula dtiteann siad amach, agus iarracht a dhéanamh iad a sheachaint más féidir. Chuige sin, ní mór an todhchaí a fhiosrú, a thuar, agus iarracht a dhéanamh í a mhúnlú, fiú.

A bhuí leis an eolas atá ag a chuid comhaltaí agus a chuid líonraí, bheadh CESE iontach oiriúnach ar rannpháirt a ghlacadh sa phróiseas Eorpach sin agus próiseas níos éifeachtúla agus níos rannpháirtí a dhéanamh d'fhadbhreathnaitheacht an Aontais.

Chuige sin, ní mór do CESE cur leis an tionchar atá aige ar ghníomhaíochtaí fadbhreathnaitheachta an Aontais agus leis an rannpháirt atá aige iontu, go mór mór tríd an ról atá aige i gClár Oibre Fadbhreathnaitheachta Straitéisí an Aontais a fhorbairt agus, thar aon rud eile, i ndréachtú na Tuarascála Bliantúla maidir leis an bhFadbhreathnaitheacht Straitéiseach, rud a imríonn tionchar, dá réir sin, ar an Aitheasc ar Staid an Aontais Eorpaigh. Ós rud é go ndéanann CESE barúlacha na ngeallsealbhóirí a chur chun cinn, a bhailiú, agus a chur in iúl, lena n áirítear barúlacha na n eagraíochtaí sochaí sibhialta, na meithleacha machnaimh, agus na saineolaithe, beidh sé in ann an ról atá aige mar ionadaí na sochaí sibhialta a chomhlíonadh agus áiritheoidh sé, dá bhrí sin, go mbeidh obair fadbhreathnaitheachta an Aontais an rannpháirtíoch go deo.

Cuirfidh CESE a thuilleadh fós leis an gcomhar a dhéanann sé leis na hinstitiúidí Eorpacha eile, trí bhíthin an chaidrimh dhéthaobhaigh agus líonra idirinstitiúideach an Chórais Eorpaigh um Anailís Straitéiseach agus Beartais araon.

D'fhonn an leas is fearr is féidir a bhaint as an acmhainn atá ann, leanfaidh CESE d'fheasacht a mhúscailt i measc a chuid comhaltaí agus ball foirne faoin tábhacht a bhaineann le cur chuige fadbhreathnaitheachta ina gcuid oibre agus cuirfidh sé lena gcumas le cúrsaí oiliúna rialta, le seimineáir agus comhdhálacha, agus le rannpháirt a ghlacadh in imeachtaí fadbhreathnaitheachta seachtracha.

Caithfidh reachtóireacht agus ceapadh beartais an Aontais a bheith bunaithe ar fhianaise, ionas gur féidir machnamh ceart a dhéanamh ar ar éirigh leis agus ar ar theip air, ar ar gá a athrú agus a fheabhsú, agus ar a dteastaíonn i ndáiríre ón tsochaí, ó na saoránaigh, agus ón Eoraip chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ollmhóra atá le sárú acu i láthair na huaire.

Baineann seirbhísí CESE leas níos mó agus níos mó as clár na staidéar bliantúil le tacaíocht a thabhairt do na tosaíochtaí beartais nó lena gcur chun feidhme, go mór mór trí shaineolaithe seachtracha a choimisiúnú chun taighde a dhéanamh ar shaincheisteanna tráthúla arb údair imní iad don tsochaí shibhialta, rud a chuireann leis an mbonn fianaise atá leis an obair reachtach.

Is sprioc mheántéarmach de chuid chlár na staidéar líon níos mó measúnuithe réamhbhreathnaitheacha agus rannpháirteacha a dhéanamh, measúnuithe a d'fhéadfaí a úsáid chun acmhainneachtaí fadbhreathnaitheacha a chothú agus a fhorbairt.

Déanfaidh CESE a chion den obair le haghaidh an Chláir Oibre maidir le Rialáil níos fearr tríd an mbreisluach a bhaineann le dearcadh na sochaí sibhialta a thabhairt isteach ag an gcéim mheasúnaithe de thimthriall beartais reachtaigh an Aontais trí bhíthin meastóireachtaí ex post, agus trí obair níos fianaise-bhunaithe a dhéanamh d'obair chomhairleach CESE.

## Iomaíochas thionscail na hEorpa a fheabhsú agus aistriú tapa chuig an aeráidneodracht a éascú

Beidh iomaíochas thionscail na hEorpa ina ábhar mór tábhachta i gcónaí sna blianta atá amach romhainn. Tionscnaimh a cuireadh ar bun le déanaí chun tacú le tionscail náisiúnta i gcodanna éagsúla den domhan, is údar mór imní iad anseo san Aontas. Ní mór don Aontas freagra a thabhairt air sin ach, san am céanna, sláine an Mhargaidh Aonair a chaomhnú. Mar sin féin, ní féidir iomaíochas na dtionscal a mheas sa lá atá inniu ann gan an ghné ghlas a chur san áireamh. Dá bhrí sin, ní hé cuspóir an Aontais é a thuilleadh gan ach bonn tionsclaíoch iomaíoch a chothú, ach, de bhreis air sin, aistriú i dtreo na tionsclaíochta inbhuanaithe a mhaoiniú, an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, tionscail na hEorpa a dhícharbónú, agus rochtain ar fhuinneamh inacmhainne saor ó ábhar iontaise a áirithiú.

Lena chois sin, tá sé ríthábhachtach leasanna na n oibrithe a chur san áireamh freisin. An t aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, is dócha go n imreoidh sé sin tionchar suntasach ar na poist agus ar na deiseanna fostaíochta atá ann, go háirithe sna hearnálacha siúd a bhíonn ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise. Mar sin féin, deis atá ann freisin poist a chruthú in éiceachórais thionsclaíocha nua agus díriú ar scileanna nua is féidir a chruthú ar leibhéal an Bhallstáit agus an réigiúin.

Leanfaidh CESE dá chuid oibre ar Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais. Déanfaidh CESE freagra cuimsitheach ar ghnéithe éagsúla thionscnamh an Choimisiúin a chur ar fáil, rud a mbeidh aird agus bearta polaitiúla ag teastáil ina thaobh. Caithfear a áirithiú leis an gCoimisiún Eorpach, le huachtaránachtaí rothlacha na Comhairle, agus le hinstitiúidí eile, go ndéanfar obair leantach leordhóthanach.

Beidh ar CESE aghaidh a thabhairt freisin ar an éileamh atá ag dul i méid ar lucht saothair oilte agus baill foirne eolacha in údaráis phoiblí a bhfuil sé de chúram orthu measúnú a dhéanamh ar thionscadail thionsclaíocha éagsúla.

Díreofar freisin ar chur chun feidhme bheartais agus straitéisí an Aontais, d'fhonn uirlisí níos fearr a cheapadh lena dtionchar ar an ngeilleagar, agus ar an tsochaí freisin, a mheas.

## Ag tacú leis an bhfiontraíocht de gach aon sórt: FBManna agus fiontair shóisialta

Is rud riachtanach an fhiontraíocht, de gach aon sórt agus i ngach aon earnáil (lena n áirítear an turasóireacht, an tionsclaíocht, geilleagar na n ardán, agus an geilleagar sóisialta), má táthar chun fás eacnamaíoch, nuálaíocht, fostaíocht, agus cuimsiú sóisialta a áirithiú. Tá sé ríthábhachtach tacaíocht a thabhairt d'aistriú glas agus aistriú digiteach na FBManna agus na constaicí a shainaithint atá os a gcomhair go fóill agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar an Margadh Aonair.

Beidh ról suntasach ag FBManna freisin i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, ós rud é gur FBManna formhór mór na ngnólachtaí atá san Aontas agus go bhfuil sé d'acmhainn acu borradh a chur faoin nuálaíocht agus an inbhuanaitheacht a chur chun cinn.

Tá ról tábhachtach á imirt ag CESE i gcónaí ar an leibhéal idirinstitiúideach, i dtaca leis an bhfiontraíocht shóisialta agus an geilleagar sóisialta a chur chun cinn, mar aon le faireachán a dhéanamh ar thionchar an dul chun cinn san earnáil sin ar na FBManna traidisiúnta. Ó glacadh an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Sóisialta, tá baint níos mó fós ag na fiontair shóisialta le baint amach an gheilleagair athléimnigh agus an aistrithe chóir.

Cuirfidh CESE le haistriú inbhuanaithe na FBManna tríd an dea-chleachtas a bhailiú agus a chur in iúl. Fiosróidh sé ról na FBManna i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais agus an tacaíocht atá ann dóibh. Cuirfidh sé le hathléimneacht airgeadais na FBManna agus rannchuideoidh sé leis an bpacáiste faoisimh do FBManna (an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha) atá le teacht. Tacóidh sé le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Sóisialta trí dhlúthchomhar a dhéanamh le huachtaránachtaí rothlacha na Comhairle agus rannchuideoidh sé leis an togra ón gCoimisiún maidir le creatchoinníollacha a fhorbairt don gheilleagar sóisialta.

## Na tomhaltóirí a chumasú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh

Ní bhainfear cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais amach, ach amháin má dhéanann gach aon duine san Eoraip a chion féin den obair. Tá níos mó tomhaltóirí á thabhairt faoi deara de réir a chéile gur féidir leo féin difear a dhéanamh ach a gcuid patrún tomhaltais a oiriúnú. Cé gur mian leis na tomhaltóirí cuidiú leis an aistriú glas, tá roinnt constaicí rompu.

Ní mór don Aontas cearta na dtomhaltóirí a neartú agus a pháirt féin a dhéanamh d'fhonn geilleagar ciorclach glan glas a bhaint amach san Eoraip. Caithfear a chur ar chumas na dtomhaltóirí cinneadh eolach a dhéanamh agus airgead á chaitheamh acu, rud a chuirfidh ar a gcumas an tomhaltas inbhuanaithe a chur chun cinn.

Leanfaidh CESE dá chaidreamh tairbheach a fhorbairt leis an gCoimisiún Eorpach agus le Parlaimint na hEorpa i dtaca le saincheisteanna tomhaltóirí. Is tosaíocht do CESE i gcónaí Lá Eorpach na dTomhaltóirí a reáchtáil, ar ceann dá chuid imeachtaí bliantúla suaitheanta é. Tarraingítear aird ann gach bliain ar ghlór an tomhaltóra, d'fhonn léargas a thabhairt ar na díospóireachtaí reatha.

Glacfaidh CESE páirt freisin in obair leantach na dtuairimí maidir leis an gComhaontú Gorm agus cuimhneoidh sé ar an ábhar sin a chur san áireamh i gcreat an tomhaltais inbhuanaithe.

## An taobh thall den ghéarchéim fuinnimh: slándáil fuinnimh inbhuanaithe chóir straitéiseach a bhaint amach

An ghéarchéim fuinnimh a tháinig ar an bhfód in 2021, agus a d'éirigh níos measa fós in 2022 de dheasca chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, bhí freagra tapa uirthi ag teastáil ó thaobh beartas fuinnimh de ar leibhéal an Aontais agus an Bhallstáit araon. Tá reachtaíocht nua tugtha isteach le bliain anuas i dtaca le stóráil gáis, cur chun cinn na bhfoinsí inathnuaite fuinnimh, praghsanna leictreachais, foinsí malartacha soláthairtí fuinnimh, bonneagar nua fuinnimh, agus bearta eisceachtúla cánachais.

Beidh gá le haird leanúnach a thabhairt ar chuid de na beartais a bhfuil baint acu leis an ngéarchéim atá ann faoi láthair. Leis sin, ba cheart díriú ar ról ríthábhachtach eagraíochtaí na sochaí sibhialta i dtaca le leasanna sóisialta, saothair, agus sibhialta a chur chun cinn, cothrom na Féinne do na gníomhaithe eacnamaíocha go léir a chur chun cinn, agus sprioc choiteann an aistrithe ghlais agus an aistrithe atá cóir go sóisialta a chaomhnú. Ní mór díriú ar an mbochtaineacht fuinnimh a chomhrac; an lucht saothair a sciliú agus a athsciliú; cineálacha nua táirgthe agus ídithe fuinnimh a ghlacadh, go háirithe trí bhíthin pobail fuinnimh áitiúla; agus na margaí leictreachais a athchóiriú ar bhealach a chaomhnaíonn an chothroime iomaíochta eacnamaíoch i margadh inmheánach an Aontais.

## Ról na mbeartas tithíochta sa chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta, agus críochach

Tá níos mó agus níos mó gníomhaithe éagsúla ann a luann an tithíocht mar cheann de na gnéithe is tábhachtaí den cheist i dtaca le beartais atá dírithe ar an gcomhtháthú sóisialta agus an leas coiteann. Má táthar chun difear fiúntach a dhéanamh i dtaca le roinnt saincheisteanna éagsúla, beidh sé ríthábhacht aghaidh a thabhairt ar bheartais tithíochta na mBallstát.

Faoi Uachtaránacht nua CESE is iad seo a leanas na tosaíochtaí a dtabharfar aghaidh orthu: inacmhainneacht na bpraghsanna chun an boilsciú a chomhrac, an t insliú éifeachtach chun cur leis an éifeachtúlacht fuinnimh, rochtain ar thithíocht do dhaoine leochaileacha chun cóineasú sóisialta a bhaint amach, ábhair thógála inbhuanaithe a chur chun cinn chun cuidiú leis an aistriú glas, an fhorbairt uirbeach inbhuanaithe chun iompar uirbeach iomchuí a éascú, an comhtháthú críochach a bhaint amach, agus an neamhionannas a chomhrac.

## An córas iompair a ghlasú: aghaidh a thabhairt ar riachtanais na n úsáideoirí, na saoránach, agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta

Ar cheann de na príomhghnéithe den aistriú glas, beidh dlús a chur le claochlú na modhanna iompair go léir agus lena ndéanamh níos glaise. Arís eile, is cás é sin inar gá aird a thabhairt ar bharúlacha na n oibrithe iompair, na dtomhaltóirí, na gcuideachtaí, agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

Sa chéad chuid eile de thréimhse an tsainordaithe, coinneoidh CESE súil ghéar ar na tograí reachtacha arna bhforbairt maidir leis an méid seo a leanas: laghdú astaíochtaí, modhanna malartacha iompair i gcás na soghluaisteachta uirbí, an t iompar paisinéirí agus lasta a dhícharbónú i gcás an iompair ar talamh, san aer, agus ar muir (modhanna iompair ghairmiúil san áireamh, fiú, amhail báid iascaireachta), agus spás sonraí coiteann le haghaidh na soghluaisteachta Eorpaí.

**Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

Rue Belliard/Belliardstraat 99
1040 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Oifigeach na Foilsitheoireachta: An tAonad Cuairteanna agus Foilseachán
EESC-2023-35-GA

**www.eesc.europa.eu/en/our-work/publications-other-work/publications/stand-democracy-speak-europe**

© An tAontas Eorpach, 2023
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.

Cover: ©Getty Images

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

ISO14001 CERTIFIED VINÇOTTE

EMAS Verified environmental management

Print:
QE-04-23-432-GA-C
ISBN 978-92-830-6007-9
doi: 10.2864/625
Online:
QE-04-23-432-GA-N
ISBN 978-92-830-6018-5
doi: 10.2864/954659

GA